

Timpeall na gClubanna



Buíochas le Sportsfile

IDIR DHÁ SHAOL

An Loch Mór/ Caisleán Laighnigh

Le Liam de Lása

Is minic a bhíonn mo chairde thar teorainn ag áilteoireacht orm agus iad ag maíomh gur in Óstán Hayes a bunaíodh an Cumann Lúthchleas Gael. Dála na dTiobradach, tugann sé sin na cearta crónáin dóibh i dtaobh cá luíonn croí an chumainn ó shin. Cuirtear inár leith ar uairibh go bhfuilimid dall ar dhraíocht na peile anso i gCill Chainnigh agus go bhfuilimid claonta i dtreo ár dtraidisiúin iomána. Táimid claonta cinnte, claonta i dtreo chultúr ársa an chamáin a tháinig anuas chugainn ónár seanmhuintir. Nach iontach san.

Cheapas riamh gurbh amhlaidh a bhí an traidisiún go dtí gur thosnaíos ag maireachtaint le dream Tiobradach le linn laethanta an choláiste. B'in an cheád uair a chuala aon chogarnach ar chraobhacha peile a bheith ar siúl ag na deirí seachtaine mar shampla. Tharla sé go raibh tonn úrnua d'imreoirí peile ag briseadh isteach ar fhoireann sinsir peile Thibraid Árann ó 2010 agus bhí caighdeán na peile ag bláthú ar fud an chontae dá bharr.

Cúpla míle taobh amuigh den óstán mór le rá inar tionóladh lucht bunaithe na heagraíochta sa bhliain 1884, tá cumann Loch Mór, Caisleán Laighnigh suite. Shamhlaíos an club seo mar chlub iománaithe amháin ach ba spórt tánaisteach é an iomáint ag dul siar go dtí am a bhunaithe go neamhoifigiúil ag tús na ndaichidí. Tá an roth casta arís le fiche bliain anuas agus tá an dá chód níos cóngaraí dá chéile ná riamh.

Bheadh aithne ag fórmhór againn ar an gclub de bharr ghaiscí Noel McGrath leis an gcamán. Tharraing sé cáil ar an gclub i 2010 nuair a chuir Tiobraid Árann deireadh le ruathar Chill Chainnigh a bhí sa tóir ar a gcúigiú craobh as a chéile. Murach forlámhas na Sáirséalach i nDúrlas Éile bheadh bonn sinsir an chontae sa phóca aige chomh maith ach níor tháinig sé sin go dtí 2013. Bhí na hiománaithe in ard a réime den chéad uair ach níor fhágadar a mbuataisí peile á gcrochadh san áiléar.

Tugann sracfhéachaint ar éabhlóid na gcluichí le fios dúinn go raibh cultúr na liathróide móire i gcónaí sa treis san áit, fiú sular tháinig an dá pharóiste le chéile mar chlub oifigiúil. Bhuadar a gcéad chraobh shinsir sa pheil mar fhoireann chomhtháite i 1946 ach níor deineadh an beart arís go dtí 1973. Bhuadar an chraobh peile naoi n-uaire ina dhiaidh sin ach tá foireann reatha an chlub breac le máistrí an chamáin. Bhí David Kennedy, Paul Ormonde agus Noel Morris ag imirt le foireann iomána an chontae nuair a thugadar corn Dan Breen leo den dara huair in 2007.

Tarraingíodh súile na meán ar an gclub i 2013 nuair a bhaineadar an chraobh shinsir peile agus iomána amach in achar coicise dá chéile. Tráth ina raibh cúrsaí peile ag fás go mear sa chontae níorbh aon dóithín é nár deineadh stair peile an cheantair a íobairt d'fhonn an camán a chosaint.

Is é nádúr an duine go mbeimid de shíor ar thóir na ngaicí. Cruthaíonn sé an comórtas agus an teannas. Gríosann sé mothúcháin ionann agus tugann sé laochra dúinn le leanúint. Is lochtach an nós, áfach, clubanna a mheas ar an méid atá curtha sa chófra amháin. Creidim go láidir gurb é cumas an chlub an uile dhuine a spreagadh ár gcluichí a imirt, an tslat tomhais is cumhachtaí dá bhfuil ann. Más é, tá a gcúram á dhéanamh go paiteanta ag Loch Mór/Caisleán Laighnigh.



Buíochas le Sportsfile

San am ina bhfuil straidhin níos géire ar chlubanna agus ar phobail iad féin a bhláthú, seasann Loch Mór/Caisleán Laighnigh amach mar thearmann peile i gceantar mór iomána. Tugann laochra amhail deartháireacha McGrath spreagadh do pháistí óga an pharóiste cluichí seanda na nGael a imirt.

Táimid ag cloisint cainte faoin athrú meoin atá tagtha ar chlubanna CLG de dheasca na géarchéime. Is maith í an chaint ar luachanna na heagraíochta arís. Bris nó bua, is cumhachtaí fós an spiorad agus an croí a mhúnláionn pobal sa cheantar seo ná corn a ardú ag deireadh na bliana. Tá mórán le foghlaim uathu go deimhin.

Áilteoireacht - Joking
Cogarnach - Whispering
Tánaisteach - Secondary
Ruathar - Onrush
Áiléar - Attic
Sa treis - Strong

Comhtháite - Integrated
Gríosann sé - It urges
Tearmann - Sanctuary
Seanda - Ancient
De dheasca - In consequence of
Múnláionn - Moulds

Cúinne na bPáistí

Cuardach Focal

L	S	E	A	N	M	H	U	I	N	T	I	R	R
A	R	T	H	A	C	R	U	A	T	H	A	R	T
A	H	E	C	A	R	S	B	O	C	R	O	C	H
M	R	A	A	H	E	E	C	C	T	T	H	A	C
E	E	R	E	R	A	A	C	L	E	N	R	C	E
O	M	M	R	H	H	N	B	O	A	L	A	N	A
N	I	A	B	R	C	D	B	N	N	O	B	A	R
T	A	N	A	B	T	A	S	I	N	U	N	A	T
O	L	N	C	E	H	R	N	I	A	A	R	T	A
M	H	N	D	A	H	R	M	R	S	B	T	B	A
H	G	C	A	R	A	N	A	H	A	S	H	B	H
A	O	N	L	T	U	A	R	A	N	G	U	C	S
I	F	S	L	A	B	H	O	A	A	L	O	A	O
S	O	A	S	I	R	B	E	S	C	L	O	C	O

FOGHLAIM
BREAC
CLAONTA
TEANNAS
BUA
DALL
COGARNACH
MEON
TEARMANN
LOCH
BEART
CROCH
SEANMHUINTIR
BRIS
RUATHAR
CEARTA
TOMHAIS
CLUB
SEANDA